GX2636

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
Scrúdaithe an Fhómhair 1999

Stair. HI 323. An Eoraip ó 1914 i leith.

Seán Ó Dufaigh.
M.A.G. Ó Tuathaigh.

Freagair trí cheist. Dhá uair a cloig don scrúdú.

1. "I bhfianaise na gcúinsí agus na gcostas a bhain leis an gCogadh, bhí na dian-téarmaí a gearradh ar an nGearmáin so-thuigthe, fiú má bhí siad místuama ó thaobh na polaitíochta de ". Do bharúil faoi seo.

2. " Go simplí, ba mhó ar fad a bhí na Boilséibhigh i dtiúin le toil is le mianta an ghnáthphobail ná mar a bhí na polaiteoirí liobrálacha bunreachtúla nó na sóisialaigh meastúla". Do bharúil faoin mbreithiúnas seo ar bhua na mBoilséibheach i 1917.

3. "Ní ceart bheith ag trácht ar an 'bhfaisisteachas Eorpach' ; i bhfianaise easba téagair agus comhghreamaithe an fhaisisteachais, ó thaobh na h-ídé-eolaíochta agus ó thaobh na polaitíochta de, is fearr dúinn labhairt ar 'ghluaiseachtaí faisisteacha Eorpacha' ". Do bharúil faoi seo.

nó

Tabhair míniú ar chúrsa caithréimeach Mhussolini san Iodáil sna fichidí den chéad seo.

4. "Bhí bonn mí-shocair, lag faoi bheagnach gach uile cheann de na 'stáit chomharbacha' i lár agus in oirthear na hEorpa sa tréimhse idir an dá chogadh". Do bharúil faoi seo.

5. "B'í an géarchéim eacnamúil a chuir caidhp an bháis ar Phoblacht Weimar; ach ba le polaitíocht agus le chultúr a bhain bun-laigí struchtúrtha na Poblachta". Do bharúil faoi seo.

nó

Tabhair do bharúil faoi chonas mar a chuaigh tubaist Wall Street na bliana 1929, agus an lagar eacnamúil a bhí mar thoradh uirthi, i bhfeidhm ar chúrsaí polaitíochta san Eoraip.

6. Cén bhrí, dar leat, atá leis an ráiteas gur 'éirigh go maith' le polasaí eacnamúil na Naitsigh sa tréimhse 1933-39 ?

/...

7. Cad iad na príomh-ábhair argóna agus easaontais i measg staraithe sa díospóireacht faoi chuspóirí pholasaí sheachtraigh Hitler ?

8. " Sa chomhthéacs Eorpach, ag an leibhéal siombalach agus siceolaíoch is mó a bhí tábhacht ag baint le Chogadh Cathardha na Spáinne: bhí tábhacht straitéiseach agus mhíleata an chogaidh an-teoranta ar fad". Do bharúil faoi seo.

9. "Réabhlóid eacnamaíochta agus shóisialta níos cuimsithí agus níos tapúla ná mar a tharla riamh cheana, ní fhéadfaí a leithéid a chur i gcrích ach go smachtúil, neamh-scrupallach". Do bharúil faoin ráiteas seo ar 'réabhlóid' Stalin sa tréimhse 1928-41.

10. "Anuas go dtí an bhliain 1938 ní fhéadfaí a rá faoi pholasaí 'tuisceanach' ('appeasement') na Breataine agus na Fraince i leith Hitler, go raibh an polasaí sin náireach nó ainniseach ó thaobh na polaitíochta de." Do bharúil faoi seo.

11. Cén chiall atá leis an ráiteas gurbh é an cogadh 1939-45 an 'chéad chogadh cuimsitheach' ('total war'). ?

nó

"Gan dabht ar bith b'í an bhliain 1941 bliain na cinniúna sa dara chogadh mhór". Do bharúil faoi seo.

12. "Ní cóir an iomarca béime a chur ar 'bhun-dhifríochtaí ídé-eolaíochta', agus cúlra an Chogaidh Fhuair á scrúdú agus á mhíniú againn". Do bharúil faoi seo.

13. " Tá an 'cúlú ón impiriúlachas' ag príomh-stáit na hEorpa ar cheann de phríomh-scéalta stair na hEorpa sa bhfichiú aois, fiú más malltriallach féin a bhí an próiséas cinniúnach". Do bharúil faoi seo.

nó

"I réimse na mórmheáin chumarsáide is mó is féidir tionchar na teicneolaíochta nua ar chultúr na coitiantachta a thabhairt faoi deara". An ráiteas seo a phlé, ó thaobh pholaitíocht na hEorpa de ó 1914 i leith.

14. Cén bunús a bhí le téarnamh eacnamúil an Chomhphobail Eorpaigh (an Aontais Eorpaigh anois) ón mbliain 1955 i leith ?

nó

Tabhair míniú ar chéard ba chúis le titim an chórais Chumannaigh in oirthear na hEorpa agus in Aontacht na Sóibhéide féin ag deireadh na n-ochtóidí.